# Tá brón orm!

**Seo ríomhphost a scríobh Caitríona chuig Peadar. Scríobh focal amháin atá oiriúnach i ngach bearna.**

**Cuir Gaeilge ar an bhfoclóir seo a leanas ar dtús:**

- Thank you
- invitation
- cough
- free
- in the office
- August
- playing (ceol)
- I hope
- weekend

A Pheadair,

Go raibh ______________ (1) agat as an chuireadh chuig an seisiún san oíche amárach. Tá mé buartha ach ní bheidh mé saor. Tá ______________ (2) agus casachtach orm le seachtain. Tá mé fós ag obair gach lá mar tá mé an-ghnóthach san oifig. Scéal fada... tá Siobhán atá ag obair liom anseo san oifig tinn. Thit sí nuair a bhí sé ag imirt leadóige. ______________ (3) sí a cos agus tá sí san ______________ (4) anois. Ní _____________(5) Cormac saor amárach ach an oiread mar beidh traenáil sacair aige tráthnóna. Beidh cluiche tábhachtach aige i nGaillimh Dé Sathairn. Beidh mo dheirfiúr Áine sa bhaile ag tabhairt aire do na páistí go dtí leath i ndiaidh a hocht agus ansin beidh sí ag dul go dtí an ______________ (6) le cairde. Gabh mo ______________ (7) arís faoi seo.

An mbeidh tú saor ar an ______________ (8) lá de Lúnasa? Beidh mé féin, Cormac agus cúpla cara ag dul chuig ______________ (9) san Olympia. An grúpa Altan a bheidh ag seinm. Ar ______________ (10) leat dul linn? Is maith leat an grúpa sin, nach maith? Tar linn! Tá ticéad breise agam. Tosóidh an cheolchoirm ar a hocht ach buailfimid le chéile ar a sé sa ______________ (11) in aice leis an Olympia – beidh dinnéar agus cúpla ______________ (12) againn roimh ré. Tá súil agam go mbeidh tú ábalta teacht.

Cuirfidh mé glaoch ort ag an _____________ (13) seachtaine.

Caitríona

# Tá brón orm!
# Féilte na Gaeilge (A)

1. Léigh na fógraí seo a leanas. Is fógraí iad d'fhéilte móra na Gaeilge, ach níl na sonraí ar fad iontu. Tá cuid de na sonraí in easnamh ar do bhileog agus tá sonraí in easnamh ar bhileog do pháirtnéara. Líonaigí isteach an t-eolas ar fad sna fógraí le chéile. Cad iad na ceisteanna a bheidh uaibh? Scríobh na ceisteanna anseo:

_________________________________________________________________
_________________________________________________________________

**Oireachtas na Gaeilge**
**Oireachtas na Samhna**

**_______________________ 2013**

**Ag tosú ar 9.00 a.m.**

**_____________, Co. Chiarraí**

**Tá níos mó eolais ar fáil ar**
**http://www.antoireachtas.ie/**

**Scoil Merriman**
**Scoil an tsamhraidh**

**14 – 18 Lúnasa 2013**

**Ag tosú ar _____________**

**Lios Dúin Bhearna,**
**______________________**

**Tá níos mó eolais ar fáil ar**
**http://www.merriman.ie/index.ga**

**Seachtain na Gaeilge**
**Céilí mór**

**7 Márta 2013**

**Ag tosú ar _______________**

**Má Nuad, ________________**

**Tá níos mó eolais ar fáil ar**
**http://snag.ie/**

# Féilte na Gaeilge A - Ar lean

2. Anois, scríobh ríomhphost gairid chuig do pháirtnéir ag tabhairt cuiridh dó freastal ar Oireachtas na Gaeilge leat. Luaigh na pointí seo a leanas:

    **a. na dátaí**
    **b. an áit**
    **c. an t-am**

    Féach ar an ríomhphost a scríobh Caitríona mar threoir. Cum seoltaí ríomhphoist as Gaeilge chomh maith.

**chuig:** ___________________________

**ó:** ______________________________

**dáta:** ___________________________

**ábhar:** Oireachtas na Gaeilge

Léigh do chuireadh amach do do pháirtnéir. Ar mhaith leis dul chuig an Oireachtas leat?

Éist le do pháirtnéir nuair a thugann seisean cuireadh duitse. Ná glac leis an gcuireadh. Abair: *Tá brón orm…*

3. Cuir ceisteanna ar do mhúinteoir faoi na féilte thuas. Déan iarracht na ceisteanna a chur as Gaeilge. Conas a déarfá:

    What is it?
    Where is it?
    Why?

    An bhfuil a leithéid d'fhéilte i do thír dhúchais féin?

# Féilte na Gaeilge (B)

1. Léigh na fógraí seo a leanas. Is fógraí iad d'fhéilte móra na Gaeilge ach níl na sonraí ar fad ann. Tá cuid de na sonraí in easnamh ar do bhileog agus tá sonraí in easnamh ar bhileog do pháirtnéara. Líonaigí isteach an t-eolas ar fad sna fógraí le chéile. Cad iad na ceisteanna a bheidh uait? Scríobh na ceisteanna anseo:
   ____________________________________________________________
   ____________________________________________________________

**Oireachtas na Gaeilge**
**Oireachtas na Samhna**

**1 - 3 Samhain 2013**

**Ag tosú ar ______________**

**Cill Airne,**

**__________________**

**Tá níos mó eolais ar fáil ar**
**http://www.antoireachtas.ie/**

**Scoil Merriman**
**Scoil an tsamhraidh**

**____________________ 2013**

**Ag tosú ar 10.00 a.m.**

**Lios Dúin _________________,**
**Co. An Chláir**

**Tá níos mó eolais ar fáil ar**
**http://www.merriman.ie/index.ga**

**Seachtain na Gaeilge**
**Céilí mór**

**_______________ 2013**

**Ag tosú ar 8.00 pm.**

**_____________, Co. Chill Dara**

**Tá níos mó eolais ar fáil ar**
**http://snag.ie/**

**Formatted:** Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Font color: Text 1, Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Font color: Text 1, Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Do not check spelling or grammar
**Formatted:** No underline, Font color: Auto, Do not check spelling or grammar
**Formatted:** Do not check spelling or grammar
**Field Code Changed**

# Féilte na Gaeilge B - Ar lean

2. Anois, scríobh ríomhphost gairid chuig do pháirtnéir ag tabhairt cuiridh dó freastal ar Scoil Merriman leat. Luaigh na pointí seo a leanas:

    a. **na dátaí**
    b. **an áit**
    c. **an t-am**

    Féach ar an ríomhphost a scríobh Caitríona mar threoir. Cum seoltaí ríomhphoist as Gaeilge chomh maith.

**chuig:** ___________________________

**ó:** ______________________________

**dáta:** ___________________________

**ábhar:** Scoil Merriman

Léigh do chuireadh amach do do pháirtnéir. Ar mhaith leis dul chuig Scoil Merriman leat?

Éist le do pháirtnéir nuair a thugann seisean cuireadh duitse. Ná glac leis an gcuireadh. Abair '*Tá brón orm…'*

3. Cuir ceisteanna ar do mhúinteoir faoi na féilte thuas. Déan iarracht na ceisteanna a chur as Gaeilge. Conas a déarfá:

    What is it?
    Where is it?
    Why?

    An bhfuil a leithéid d'fhéilte i do thír dhúchais féin?